

LUX FILM DAYS

3 SCANNÁN
24 THEANGA
28 dTÍR



© Sophia Olsson

SAMEBLOD (SAMI BLOOD)

Scannán le Amanda Kernell
an tSualainn, an Iorua, an Danmhairg



SAMEBLOD (SAMI BLOOD)



SCANNÁN LE AMANDA KERNELL

Téann seanbhean in éineacht lena mac go dtí a háit dúchais i dTuaisceart na Sualainne i gcomhair adhlacadh a deirféar. Níl fonn dá laghad uirthi casadh lena muintir ná leis an bpobal a d'fhág sí nuair a bhí sí an-óg. Agus í ann, tagann na cuimhní chun cinn: nuair a bhí sí fós ina déagóir óg, náirigh na Sualannaigh chúngaigeanta í. Theastaigh uaithi go n-aithneoidís í mar dhuine a bhí chomh maith céanna leosan, agus ar deireadh d'athraigh sí a féiniúlacht chun éalú ó chinníuint a bhí ró-chúng. Tar éis na mblianta fada, mothaíonn sí go raibh sí ag cur an dallamullóg uirthi féin nuair a dhíúltaigh sí dá dúchas.

COILÍNEACHAS INMHEÁNACH DE CHINEÁL ÉIGIN


Ní thugtar nod scríofa i scannán Amanda Kernell maidir le comhthéacs an scannáin, amhail “an Laplann, 1930”. Is faoin lucht féachana atá sé buile faoi thuairim a thabhairt maidir leis an gceantar agus an pobal a bhfuil cónaí orthu ann, ceantar nach bhfuil mórán cur amach ag pobal na hEorpa air. Dar ndóigh, tá réamhrá an scannáin, ina bhfilleann an tseanbhean ar a tír dhúchais, suite inár linn féin (carr nua-aimseartha, éadaí prionta liopaird...) ach maidir leis an bhféachaint siar, arb í an chuid is faide den scannán í, níl an tréimhse sin suite in aon am ná in aon áit ar leith.

Feiceann Christina blianta a déaga an athuir, tráth a ngloaítt Elle Marja uirthi. Cuirtear teaghlach fánaíthe, gléasta i bhfeistis thraidisiúnta, os ár láthair: tógáilthe réinfhianna is ea iad. Tá ar an mbeirt iníonacha imeacht agus freastal ar scoil chónaithe chun oideachas Sualannach a fháil: tá cosc ar a dteanga dhúchais, an tSáimis, ann. Don chailín is óige, Njenna, is crá croí í an deighilt thíreolaíoch agus chultúrtha sin. Féachann Elle Marja, an cailín is sine, ar an oideachas, agus ar an léitheoireacht go háirithe, mar dheis chun saoirse a fháil. Tá an tsaoirse sin níos tábhachtaí fós di mar gur fhulaing sí dúdhiúltú ó na Sualannaigh. Maslaíonn na daoine óga a bhíonn ag obair i dtimpeallacht na scoile na páistí Sámacha, ar féidir iad a aithint mar gheall ar a bhfeistis thraidisiúnta agus toisc go bhfuil siad réasúnta beag. Go ginearálta, féachtar ar na páistí sin mar iontais áitiúla. Múineann Christina, an múinteoir fionn tanaí, ráiteas do na páistí Sámacha chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí a thagann ó Uppsala. “Is páiste beag bocht mé ach táim sásta...” Ní rí ná banríon na Sualainne iad na cuairteoirí úd, mar a shíl cuid de na páistí; ach eolaí, grianghrafadóir agus “éascaitheoir”. Tógann an chéad duine acu toisí antraipeolaíochta (toise an chloiginn, fad na sróine, etc.), tógann an dara duine grianghraif de choirp nocht na bpáistí agus “meallann” an t-éascaitheoir mná na páistí trí bheith ag déanamh iontais dá bhfeistis, do bhoige a gcuid gruaige (“gan coirín ar bith!”, a deir sí) nó trí aird an mhúinteora a bhaint de Elle Marja ag an nóiméad cuí ina n-airíonn sí go bhfuil náire uirthi. Is í Elle Marja an duine is sine de na páistí agus tá sí ceaptha dea-shampla a thabhairt dá bharr, ach is déagóir í. Féachann sí ar an nochtadh sin mar náire: níor tháinig na cuairteoirí chun bualadh le saoránaigh óga Sualannacha, ach chun staidéar a dhéanamh ar ionadaithe ó “eitneacht”, mar a dhéanfaí scrúdú ar eallach. Is deacair dearmad a dhéanamh air nuair a chuirtear i gcomparáid le haimhthí: nuair a mhaslaíonn na hógánaigh arís í (“tá siad fós ag staid níos ísle ó thaobh éabhlóide de”), cuireann Elle Marja ina n-aghaidh agus éilíonn sí leithscéal orthu, ach ina áit sin fulaingíonn sí an masla is mó go dtí seo: caitheann na buachaillí ar an talamh í agus déanann siad í a mharcáil mar a mharcálfai réinfhia trí eang a chur ina cluas...






© Sophia Olsson



© Sophia Olsson



© Sophia Olsson



© Sophia Olsson

Ba bhreá le Elle Marja an ceantar sin, áit a léirítear dímhéas agus fuath do na Sámaigh, a fhágáil. Cuireann sí in iúl gur mian léi staideár a dhéanamh in Uppsala, ach diúltaíonn an múinteoir na céimeanna cuí a thógáil mar deir sí nach bhfuil na hinniúlachtaí céanna ag na páistí Sámaicha agus atá ag na páistí Sualannacha agus nach mbeidís fiú in ann maireachtáil sa chathair!

Léiríonn sé sin dea-mhéin bhréagach na Sualannach i leith na Sámach: cionnítear i liombó dofhulaingthe iad. Ar láimh amháin, cuirtear oideachas ar na leanaí, rud atá ina bhuntáiste chinnte dóibh agus cuirtear i dteagmháil iad (go pointe) leis an gcultúr, mar shampla nuair a thugann an múinteoir leabhar do Elle Marja. Ar an lámh eile, áfach, tugtar le tuiscint dóibh go bhfuil siad difriúil ó bhun agus nach bhfuil siad in ann don saol nua-aimseartha! Anuas air sin, déantar na Sámaigh a chomhshamlú go hindíreach le hainmhithe, a bhraitheann go hiomlán ar an nasc atá acu leis an gcomhshaoil chun maireachtáil.

ATHRÚ FÉINIÚLACHTA

D’fhonn éalú ó chinníuint arna leagan amach ag a muintir, agus ag na Sualannaigh ar mian leo í a choinneáil ina duine den dara grád, níl an dara rogha ag Elle Marja ach a féiniúlacht a athrú: a hainm a athrú (is suntasach an ní é go nglacann sí ainm a múinteora chuici: Christina Lajler); a feisteas traidisiúnta a bhaint di agus éadaigh leamha a chaitheamh, agus fiú dónn sí an feisteas lena thaispeáint nach bhfílfidh sí; gan Sáimis a labhairt, dar ndóigh; agus ar deireadh maraíonn sí réinfhia, mar ghníomh fuatha ach freisin mar dhiúltú críochnaitheach do shaol a tuismitheoirí. Tarlaíonn gach rud amhail is go raibh féiniúlacht phearsanta Elle Marja níos láidre ná a féiniúlacht chultúrtha, amhail is go raibh coimhlint ann idir an dá fhéiniúlacht sin agus gur chuir an dara ceann cosc ar an gceann eile teacht chun cinn.

Ach i ndáiríre níl sé chomh simplí sin. Cé go n-athraíonn sí a hainm, a feisteas agus a teanga, is léir óna cuma gur “Laplannach” í mar a deir na Sualannaigh, téarma dímhéasúil de réir na Sámach. Fiú na Sualannaigh chairdiúla, amhail Niklas agus na cairde ar thug sé cuireadh dóibh chuig a bhreithlá, ní chreideann siad san fhéiniúlacht bhréagach sin. I ndáiríre, in Uppsala creideann Elle Marja gur féidir léi rudaí a athrú agus go nglacfár léi nach mór mar aon chailín óg eile... Cuirtear fáilte roimpi i dteach thuismitheoirí Niklas i dtosach, cé gur fáilte dhoicheallach atá ann; socraíonn sí ar scoil agus cé go seasann sí amach ó na cailíní óga fionna agus tanaí, is cosúil go n-éiríonn léi

cara a dhéanamh. Ach bíonn an t-amhras ann i gcónaí: an í Christina í féin a thainníonn le daoine nó an é nach bhfuil suim acu inti ach mar gheall go bhfuil sí difriúil? Tá an radharc ina n-iarrann cara de chuid Niklas uirthi joik (amhrán Sámach traidisiúnta) a chanadh an-ábhartha maidir leis sin. Fiú ag cóisir bhreithlae sa bhaile mór, féachtar ar Christina mar iontas eitneolaíoch...

Ar deireadh, iarrtar uirthi teach Niklas a fhágáil agus na táillí scoile a íoc: údar nua ag meánaicme Uppsala is ea a bochtaineacht, anuas ar a dúchas, chun diúltú a thabhairt di. Amhail agus go raibh an diúltú sa bhaile mór níos sibhialta ar chaoi agus gan a bheith chomh brúidiúil leis an diúltú faoin tuath...

Ina ainneoin sin, éiríonn le Elle Marja tiontú in Christina (sin an t-ainm a ghlaonn a mac uirthi): a bhuí le crios airgid a hathar, is féidir léi íoc as a cuid oideachais. Ní léirítear an méid seo a leanas ach is féidir glacadh leis go n-éiríonn le Elle Marja mar gheall ar a díograis agus a cumas chun athraithe, nithe atá feicthe againn cheana arís agus arís eile (a seasmhacht i gcoinne na ndaoine óga dímhéasúla, an dánacht a bhí aici dul chuig an mbál i ngúna goidte, an chaoi a ligeann sí uirthi gur Sualannach í, mar shampla nuair a ardaíonn sí a lúidín agus i ag ól caife).

Í DTREO RÉITEACH NA COIMHLINTE

Don lucht féachana, is léir go bhfuil coimhlint féiniúlachta ag cur isteach ar Elle Marja-Christina agus d'fhéadfadh iontas a bheith orthu gur theastaigh uathí dul leis na hansmachtaithe. Is cosúil nach dtugann an cailín óg faoi deara an chontrárthacht a bhaineann le díspeagadh, aithisiú agus foréigean a fhulaingt ag na Sualannaigh agus ag an am céanna, an fonn atá uirthi a bheith cosúil leo agus páirt a ghlacadh ina bpobal in ionad a pobail féin. Agus í imithe in aois anois, fós diúltaíonn sí glan dá dúchas: tá drogall uirthi dul in éineacht lena mac, níl sí ag iarraidh éisteach leis an joik, ligeann sí uirthi nach tuigeann sí Sáimis agus diúltaíonn sí fanacht lena teaghlach, ní ar feadh oíche amháin fiú. B'fhearr léi dul chuig an óstán ina bhfanann na turasóirí. Agus í san óstán, labhraíonn sí cúpla focal leis na turasóirí agus tá siad curtha amach faoin torann atá á dhéanamh ag tógálaithe na réinfhianna lena ngluaisrothair agus tá amhras orthu go bhfuil an ceart ag na tógálaithe an tearmann dúlra a thruailliú mar sin.

Agus í ar ais ina háit dúchais agus comhráite maslacha na Sualannach maidir leis na Sámaigh le cloisteáil arís, tagann na cuimhní ón am atá caite chun cinn agus nochtar an choimhlint féiniúlachta sin. Insíonn sí bréag mar gheall ar a dúchas (ligeann sí uirthi gur as Småland di), aontaíonn sí leis na turasóirí dímheasúla, ach ar deireadh tuigeann sí gur bréag di féin ba ea an bhréag a d'inis sí do gach duine eile... agus tosaíonn sí ag gol. Is ag an bpointe sin a fhilleann sí ar Elle Marja: filleann sí ar an séipéal, osclaíonn sí cónra Njenna, cromann sí uirthi agus iarrann sí maithiúnas uirthi. Fágann sí ansin chun an sliabh a dhreapadh: íomha chorraitheach atá ann de sheanbhean ghliobach ag teacht ar ais chuig a tír féin, mar ar chaith sí a hóige, chun an mullach a bhaint amach agus chun féachaint amach ar an tírdhreach úd. Ar deireadh feiceann sí a háit dúchais arís, cloiseann sí an tréad agus téann sí isteach sa champa atá anois lán de ghluaisrothair agus de chuardrothair.

AN CHOIMHLINT IDIR AN tAm I LÁTHAIR AGUS AN tAM ATÁ CAITE

Le linn na féachana siar, tá óige Elle Marja nasctha leis an am i láthair. Léirítear an choimhlint sin ar bhealaí éagsúla. Tá an t-am atá caite agus an t-am i láthair an-soiléir i radharc amháin. Chaith Elle Marja lena deirfiúr féin mar “Sámach Iofa” nuair a tháinig sí chun labhairt léi fad is a bhí sí ag suirí le Niklas: ba é an aidhm a bhí leis an masla ná a thaispeáint do Niklas agus do na daoine eile a bhí i láthair nár Shámach í féin. Chuaigh an déagóir chuig leaba a deirfiúar ina dhiaidh sin chun an scéal a mhíniú, ach bhí Njenna ag ligean uirthi go raibh sí tar éis bás a fháil. Tá an radharc sin nasctha leis an am i láthair: iarrann Elle Marja maithiúnas agus í ag cromadh anuas ar aghaidh a deirfiúar, maithiúnas as an diúltú a thug sí di, as imeacht, as an dímheas, ach an uair seo tá Njenna tar éis bás a fháil i ndáiríre.

Tagann an choimhlint idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair leis an gcoimhlint idir an traidisiún agus an nua-aois, dhá shaintréith de chuid na ndeirfiúrach. D'fhan Njenna dílis dá traidisiún agus tá a haitheasc sochraide nasctha le hóráid ón gcultúr Sámach: grá don joik agus do shaol na tuaithe... gach a bhfuil Elle Marja tar éis droim a thabhairt dó. Tá an nua-aois ag dul i bhfeidhm ar na tógálaithe réinfhianna chomh maith lena ngluaisrothair agus lena gcuadrothair, a raibh na turasóirí ag tabhairt amach fúthu mar gheall ar an torann a bhí ag cur isteach ar an gciúnas. Coinnítear i staid turasóireachta iad mar gheall ar a dtraidisiún — thuing Elle Marja é sin an-luath agus í deimhin de nach ndéanfaí ainmhí sorcais di — agus mar gheall ar an nua-aois féachtar orthu mar bhaic a chuireann isteach ar an tírdhreach agus ar an gciúnas... Níl ceachtar den dá rogha sin sásúil ach fágann forlámhas sóisialta, polaitiúil agus cultúrtha na Sualannach nach bhfuil an dara rogha ag na Sámaigh.



ÁBHAR MACHNAIMH

Sa bhreis ar na ceisteanna a pléadh thuas, is iomaí gné den scannán *Sameblod* arbh fhiú machnamh a dhéanamh orthu.

- Dar ndóigh tagann ceist na mionlach chun cinn san Eoraip. Cé nach bhfeictear eachtraí chomh huafásach leis an bhforéigean a fhulaingfionn na Sámaigh sa scannán níos mó, fós is féidir comparáid a tharraingt idir an scannán agus eachtraí san am atá i láthair. An bhfuil eolas agat ar aon eachtra mar sin?
- Trí charachtair Elle Marja agus Njenna a chur i gcomparáid lena chéile, déantar comparáid sa scannán idir an nua-aois agus an traidisiún. Is cosúil go dtéann an dá rogha sin in aghaidh a chéile. An gceapann tú go bhféadfadh rogha eile, idirmheánach, a bheith ann? An féidir leat samplaí a thabhairt?
- Dealraíonn sé go dtagann pearsantacht Njenna, a chineann an saol dúchais a leanúint, le sain-nósanna an chúltúir Shámaigh. An gá imeacht ó do dhúchas chun d'fhíorphearsantacht a chur in iúl?
- Sna nóiméid dheireanacha den scannán, léirítear Elle Marja, í sean agus gliobach, ag siúl i measc phubail an champa. D'fhéadfadh na híomhánna sin scvá i gcampa d'Indiaigh Mheiriceánacha a chur i gcuimhne dúinn. An féidir comparáid a tharraingt idir cinniúint na dtreibheanna Meir-Indiacha agus cinniúint na Sámach?

(1) DUAIS
SCANNÁNAÍOCHTA
LUX

SCANNÁNAÍOCHT EORPACH D'EORPAIGH

I ndiaidh chomórtas na bliana seo caite, arbh é ceiliúradh 10 mbliana an tionscnaimh é, tá duais LUX fós ag tabhairt seánraí agus guthanna éagsúla le chéile trí mheán scannáin arna ndéanamh ag stiúrthóirí tréitheacha na hEorpa. Is mór ag Parlaimint na hEorpa na 3 scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE 2017 (1) a chur i láthair:

120 BATTEMENTS PAR MINUTE (*BPM – Beats per Minute*),

scannán le Robin Campillo, An Fhrainc

SAMEBLOD (*Sami Blood*), scannán le Amanda Kernell, an tSualainn,

an Iorua, An Danmhairg

WESTERN, scannán le Valeska Grisebach, An Ghearmáin, An Bhulgáir, An Ostair

Tugann na scannáin aghaidh ar ábhair reatha, ar bhealach croíúil, cliste agus tugann siad léiriú ar a bhfuil os comhair na hEorpa i láthair na huaire. Léiríonn siad carachtair a osclaíonn a súile ar an domhan mórthimpeall orthu chun tuiscint a fháil ar an saol mar atá i ndáiríre, agus ar an tsochaí agus an pobal lena mbaineann siad. Cuireann mothúcháin na scannánaíochta lenár scéalta agus mar sin léirítear caighdeán agus éagsúlacht na scannánaíochta Eorpaí, chomh maith lena ról tábhachtach maidir le luachanna na sochaí agus pobail chultúrtha a chur chun cinn. Tugaimid cuireadh duit na scannáin a fheiceáil ag an 6ú heagrán de LUX FILM DAYS (2).

(2) LAETHANTA
SCANNÁIN LUX

LUX FILM PRIZE

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi ina gcruthaítear ár sochaí.

Ar an ábhar sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le LUX FILM PRIZE in 2007. Leis seo tá síúil ag an bParlaimint cur leis an méadú ar dháileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht Eorpach a spreagadh maidir le mórcheisteanna na sochaí.

Is tionscnamh eisceachtúil é LUX FILM PRIZE. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in LUX FILM PRIZE chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Déanfaidh Feisirí Pharlaimint na hEorpa vóta a chaitheamh chun buaiteoir LUX FILM PRIZE a roghnú agus an 15 Samhain 2017 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

LUX FILM DAYS

D'eascair LUX FILM DAYS as LUX FILM PRIZE chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na 3 scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE i láthair don phobal Eorpach is mó le linn LUX FILM DAYS.

Is deis iad LUX FILM DAYS chun páirt a ghlacadh in ócáid chultúrtha gan teorainn nach ndéanfar dearmad uirthi. Ó mhí Dheireadh Fómhair go Nollaig, féadfaidh tú teacht le chéile le daoine eile as gach cearn den Eoraip a bhfuil dúil acu sa scannánaíocht trí fhéachaint ar na 3 scannán i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár suíomh gréasáin luxprize.eu nó ar ár leathanach Facebook.

AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana in LUX FILM PRIZE. Ná dearmad vóta a chaitheamh do cheann de na 3 scannán roimh an 31 Eanáir 2018! B'fhéidir go mbeadh seans agat freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2018 — le cuireadh ó Parlaimint na hEorpa — agus teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX
PRIZE
.EU

STIÚRTHÓIR: Amanda Kernell

SCRIPT SCANNÁIN: Amanda Kernell

FOIREANN AISTEOIRÍ: Lene Cecilia Sparrok,
Mia Erika Sparrok, Maj Doris Rimpi,
Julius Fleischanderl, Olle Sarri,
Hanna Alström, Malin Crépin,
Andreas Kundler, Ylva Gustafsson

STIÚRTHÓIRÍ FÓTAGRAFAÍOCHTA:
Sophia Olsson, Petrus Sjövik

LÉIRITHEOIR: Lars G. Lindström

LÉIRIÚCHÁN: Nordisk Film Production
Sverige AB, Bautafilm AB, Digipilot AS,
Nordisk Film Production A/S,
Sveriges Television AB - SVT

BLIAIN: 2016

FAD: 110'

SEÁNRA: Dráma

TÍR: an tSualainn, an Iorua, an Danmhairg

BUNLEAGAN: Sualainnis, Sáimis





© Sophia Olsson



© Sophia Olsson